COIGILTEAS STÁIT NA hÉIREANN | IRELAND STATE SAVINGS

E00178515 BR3 1024

COIGILTEAS STÁIT NA hÉIREANN | IRELAND STATE SAVINGS

# Sábháil airgead lenár gCuntas Taisce

Tá tuilleadh eolais le fáil ag
**statesavings.ie**





# Is muidne Coigilteas Stáit na hÉireann.

Cuirimid bealach áisiúil ar fáil do gach duine in Éirinn chun airgead a shábháil, bíodh an tsuim mór nó beag, an t-achar ama gearr nó fada. Tá réimse leathan táirgí ar fáil uainn, mar sin is cuma cén fáth a bhfuil airgead á shábháil agat, tá rogha againn a oireann duitse.

**Tacaímid le cultúr láidir coigiltis**
Creidimid gur tábhachtach an rud é airgead a shábháil – ní i gcomhair lá na coise tinne amháin ach chun sult a bhaint as. Ach airgead a bheith i dtaisce againn is féidir ár n-aislingí a fhíorú, bídís mór nó beag. Is mian linn nós na sábhála airgid a bheith ina chuid den saol laethúil ionas gur féidir níos mó aislingí a fhíorú.

**Tosaigh ag sábháil airgid inniu lenár gCuntas Taisce**
Le breis agus 100 bliain anuas, táimid ag cabhrú le daoine, idir óg agus sean, airgead a shábháil. Lenár gCuntas Taisce, is féidir leat airgead a chur i dtaisce agus a aistarraingt in Oifig an Phoist pé uair is mian leat, ionas gur féidir leat tosú ag carnadh airgid.

**Mar a oibríonn sé**
Faigheann tú leabhar taisce chun taifead a choinneáil ar an airgead a chuireann tú dtaisce agus a aistarraingíonn tú. Ní mór duit an leabhar a thaispeáint agus tú ag cur airgead i dtaisce nó á aistarraingt in aon Oifig Poist.

Féadfar suas le €3,000 in aghaidh an lae a aistarraingt, agus teastaíonn fógra scríofa i ndáil le suimeanna níos mó. Is féidir le duine atá 7 mbliana d'aois ar a laghad cuntas a bheith aige nó aici gan toiliú ó thuismitheoir nó caomhnóir an linbh. Níl aon táillí, muirir ná coimisiúin i gceist.

**Cuntas Taisce a Oscailt**
Chun Cuntas Taisce a oscailt, líon isteach an fhoirm iarratais agus, más custaiméir nua tú, bailigh cóipeanna bunaidh nó cóipeanna deimhnithe de na doiciméid seo a leanas:

- **Cruthúnas ar an Ainm:** Pas nó Ceadúnas Tiomána Bailí
- **Cruthúnas ar an Seoladh:** Bille Fóntais, Ráiteas Bainc, nó Litir ó na Coimisinéirí Ioncaim a eisíodh le sé mhí anuas
- **Cruthúnas ar UPSP:** Cárta Seirbhíse Poiblí, Litir ó na Coimisinéirí Ioncaim nó ón Roinn Coimirce Sóisialaí
- **Cruthúnas i leith Tuismitheora Caomhnóra má tá an t-iarratasóir faoi 18:** Teastas Breithe an Linbh nó an tOrdú Cúirte is infheidhme (nó fianaise dhoiciméadach ábhartha eile). Ní mór do thuismitheoirí/caomhnóirí an fhoirm a shíniú freisin agus cruthúnas ar ainm agus seoladh a sholáthar (mar a luaitear thuas).

Tabhair na doiciméid sin chuig d'Oifig Poist nó cuir ar an bpost iad chuig Coigilteas Stáit na hÉireann, SAORPHOST, Ard-Oifig an Phoist, Baile Átha Cliath 1, D01 FSP2.

***Nóta i gcás comhiarratas.*** *Ní mór gach iarratasóir a bheith i láthair ag Oifig an Phoist ionas gur féidir a gcuid sonraí aitheantais a dheimhniú.*

**Ráta Úis**
Ráta athraitheach úis atá i bhfeidhm i leith an Chuntais Taisce. Déantar an t-ús ríomh gach lá agus cuirtear chun sochar an chuntais é gach bliain ar an 31 Nollaig. Tá ús a thuilltear faoi réir Cáin Choinneála ar Ús Taisce (DIRT) ag an ráta atá i bhfeidhm.

Scan an cód mearfhreagartha i gcomhair na rátaí úis atá i bhfeidhm ar ár gcuid táirgí go léir, nó téigh chuig **statesavings.ie** nó chuig d'Oifig Poist.

**Téarmaí agus Coinníollacha**
Tá táirgí Choigiltis Stáit na hÉireann faoi réir Uasteorainneacha Sealbhaíochta, Téarmaí agus Coinníollacha, agus reachtaíocht ábhartha. Tá ár Leabhrán Téarmaí agus Coinníollacha ar líne ag **statesavings.ie/terms-conditions** agus i d'Oifig Poist.

**Déan teagmháil linn**

**Suíomh Gréasáin:** statesavings.ie

**Ríomhphost:** service@statesavings.ie

**Teileafón:** 0818 20 50 60 / 01 705 7200 (Luan–Aoine, 08:00-20:00)

**Ar an bPost:** Coigilteas Stáit na hÉireann, Ard-Oifig an Phoist, SAORPHOST, Baile Átha Cliath 1, D01 FSP2

**Tabhair cuairt ar:** Oifig an Phoist